

✿ An Lúibín ✿

15 Meán Fómhair 2018

Éire mar náisiún beag oscailte

Tá Stephen Kinsella ina Ollamh Comhlach Eacnamaíochta in Ollscoil na hÉireann, Luimneach, agus ina Chomhalta Sinsearach i Scoil Rialtais Melbourne. Tá dhá PhD aige (ní á chasad leis é). Tá suim aige i samhlacha eacnamaíocha níos fearr, i ngeilleagair bheaga oscailte faoi leasú dian agus i górais sláinte. Thug sé caint ar na cúrsaí seo ar 28 Lúnasa ag seimineár Léinn Éireannaigh in Melbourne.

Dúirt sé go bhfuil an chuid is mó de dhaonra an domhain le fáil sna náisiúin bheaga. Ach ní léir anois céard tá rompu, ó tá laige ag teacht ar an trádáil dhomhanda agus ar líonra na n-institiúidí idirnáisiúnta. Is gá dúinn náisiúin bheaga oscailte agus a ngeilleagair a mheas de réir tomhais dhomhanda seachas aird a thabhairt ar náisiúin shaibhre an Iarthair amháin.

D'aitigh Stephen gurbh éigean iad a mheas de réir a lán disciplíní, ní hamháin eacnamaíochtaí idirnáisiúnta agus eacnamaíocht pholaitiúil idirnáisiúnta ach eolaíocht pholaitiúil agus antraipeolaíocht chomparáideach chomh maith. Ní dhearnadh sainmhíniú ceart ar gheilleagair bheaga oscailte, leithéidi na hÉireann, agus iad á meas de réir na rudaí atá in easnamh orthu. Tá siad in ann tairbhe a bhaint as an éagsúlacht agus an leas comhchoitianta. Tig leo an stair a thuiscint agus gan ligean di srian a chur leo. Beidh rath orthu má théann siad amach ar an neart atá iont.

Ó na seascaidí amach d'oscail Éire doras a geilleagair roimh an domhan. Bhain sí an-tairbhe as an mborradh a tháinig faoi thrádáil dhomhanda agus as an Aontas Eorpach, agus taitníonn an tAE le formhór mór na nÉireannach fós. Tá tomhas nua á dhéanamh ar rath eacnamaíoch a dhíritear ar chumas eacnamaíoch seachas ar OTI (olltárgeacht intíre) agus a leithéid, agus dúirt Stephen go bhfuil ag éiri go maith le hÉirinn de réir an tomhais sin. Tugtar a oiread airde ar inniúlacht i gcúrsaí riarracháin agus polaitíochta is a thugtar ar mhéid na hinfheistíochta.

Tá na hÉireannaigh ag leanúint dá mbealach féin fós. Tá a dtaidhleoirí i mbun caibidle le náisiúin bheaga Eorpacha chun dul i gcomhpháirt leo agus tá an rialtas ag cur béim ar chaiteachas caipitiúil. Dúirt Stephen tar éis na cainte go bhfuil gá le rud eile – béim a chur ar thaghde agus ar fhorbairt. Ach tá na hollscoileanna ag ligean a maidí le sruth sna cúrsaí seo. Is mór an trua é seo agus Éire suite chomh deas sin idir Meiriceá Thuaidh agus an Eoraip.

Níl Stephen ró-dhóchasach maidir leis an mBreatimeacht. Ní fearrde Éire é, is cuma cén toradh a bheidh air. Sin tuairim atá ag roinnt daoine eile, leithéid an tráchtare Eoghan Ó Murchú, a scríobh píosa faoin scéal in *Tuairisc.ie*: ‘Feictear domsa go bhfuil sé soiléir nach gcuirfidh na Sasanaigh bac custaim nó eile ar an teorainn in Éirinn’.

Maíonn Ó Murchú go mbeadh bealach isteach sa Bhreatain ag an Aontas Eorpach trí Éirinn, ach, níos tábhachtaí fós, go mbeadh bealach isteach san AE ann ó Shasana. Deir sé gurb é an tAE a chuirfidh bac ar an teorainn agus rialtas na hÉireann ag feidhmiú thar a cheann, mar nach mór smacht a choinneáil ar earraí ón mBreatain.

Déanann sé tagairt do cheann de na roghanna atá molta ag Jean Claude Juncker, Uachtaráin Choimisiún na hEorpa: srian a chur le cumhactaí an Aontais chun nach mbeadh de chúram air feasta ach an Margadh Aonair. Deir Ó Murchú: ‘Ní chun leas na hÉireann é deacrachtaí a chothú i dtaobh trádáil le Sasana, agus is cinnte nach é ár leas é ó thaobh na teorann de’. Agus d’fhágfadh an rogha úd go mbeadh comhoibriú eacnamaíochta agus trádála ann. Bheadh Éire in ann seilbh a ghlacadh arís ar an iascaireacht agus ar a córais airgeadais. Ach ní dócha go mbeidh an réiteach chomh simplí sin.



Gaeltacht Melbourne 2019

Beidh deireadh seachtaine Gaeilge ag Cumann Gaeilge na hAstráile sa bhliain 2019, ag tosú ar 25 Eanáir ag International House, 241 Royal Parade, Parkville, Melbourne, áit a bhaineann le hOllscoil Melbourne. Tugtar Gaeltacht Melbourne ar an ócáid, agus críochnóidh sí ar 28 Eanáir i ndiaidh an tseimineáir, a bheidh i nGaeilge ar fad. Is furasta International House a bhaint amach ó lár na cathrach nó ó Aerphort Melbourne.

Beidh ranganna Gaeilge ar siúl ar feadh an lae agus ranganna roghnacha. Tráthnóna beidh cainteanna, tráth na gceist, ceol agus mar sin de ar siúl. Iarrtar ort a oiread Gaeilge a úsáid agus is féidir leat.



International House, Ollscoil Melbourne
Wikimedia Commons

Tá lóistín le fáil i seomraí singile agus i seomraí dúbailte (féach an fhoirm cláraithe thuas). Más ag fanacht sa Teach a bheidh tú, cosnóidh sé \$480 ort (nó \$460 má chláraíonn tú go luath). Mura bhfuil uait ach tairbhe a bhaint as na ranganna agus lóistín agat in áit eile, ní chosnóidh se ort ach \$260 (\$250). Caithfear clárú luath a dhéanamh 30 Meán Fómhar 2018, agus tá an gnáthchlárú le déanamh faoi 1 Samhain 2018.

Teagmháil: gaeltachtmelbourne19@gmail.com.

◆◆◆◆◆◆◆

Anders Ahlqvist (1945-2018)

Is gearr ó fuair Anders Ahlqvist (1845-1918) bás agus é trí bliana is seachtó d'aois - bás roimh am, i dtaca le holc. Scoláire mór ba ea é agus is fada go mbeidh an Léann Ceilteach faoi chomaoin aige. B'as an Fhionlainn dó agus é ina dhuine den mhionlach Sualannach sa tír sin. Fear ilteangach ba ea é agus Gaeilge bhlasta aige.

Rinne Anders Ahlqvist staidéar ar fhocleolaíocht chlasaiceach, ar fhocleolaíocht Lochlannach agus ar theangeolaíocht ghinearálta in Ollscoil Helsinki. Bhí suim aige sna teangacha Ceilteacha, rud a thug go hÉirinn é, agus sa bhliain 1976 ceapadh mar ollamh i nGaillimh é, nuair nach raibh le fáil san ollscoil ach tuairim is 5,000 mac léinn. Chaith sé na blianta fada in Éirinn, cé go dtugadh sé léachtaí in Ollscoil Helsinki ó am go chéile agus in Ollscoil Utrecht. Bhí baint aige le grúpa taighdeoirí, mac léinn agus diograiseoirí sa Fhionlainn a raibh an-spéis acu sa léann Ceilteach agus a raibh a lán acu múinte aige in Éirinn. Bhí sé ina chathaoirleach ar Bhord Rialúcháin Scoil an Léinn Cheiltigh nuair a cailleadh é.

Bhí an-tábhacht leis an tréimhse a chaith sé mar scoláire i mBaile Átha Cliath. Bhí an-suim aige sna seantéacsanna agus i gcúrsaí gramadaí. Rinne sé staídéar ar struchtúr, ar mhoirfeolaíocht agus ar chomhréir agus ar an ngaol atá idir an Ghaeilge agus teangacha Ind-Eorpacha eile. D'eascair a lán ailt léannta den scoth óna láimh dá bharr, ailt a chuir go mór lena ionrá i measc scoláirí eile. Bhí intleacht chruinn bheacht aige agus bhí neart léite aige; ba bheag an stró air tagairt éasca a dhéanamh do shaothar a leithéidí eile agus fadhb á cíoradh aige.

D'áitigh sé go ndeachaigh na Ceilteacha i bhfeidhm ar an mBéalá, tuairim nár aontaigh gach duine léi. Sin é an fáth, dar leis, go bhfuil an Béalá scartha amach ó theangacha Gearmánacha eile., agus mhaígh

sé nach foláir teangacha Ceilteacha a iniúchadh chun dul amach ar an mBéarla. Rinne sé tagairt do chuíg rud: an briathar ‘bheith’ i sean-Bhéarla agus i mBreatnais, an timchaint, abairtí scolite (nuair a úsáidtear clásal coibhneasta chun béis a chur ar chuid den abairt – ‘**is iad na páistí a rinne é**’), foirmearcha den aimsir chaite agus an bhaint a bhí ag ‘sí’ i nGaeilge le ‘she’.

Sampla dá shaothar is ea páipéar dar teideal ‘The verbal paradigms in Auraicept na nÉces’. Cuireann an téacs ársa úd, an ‘Auraicept,’ síos ar an teanga féin. Tá a lán paraidími ainmfhoclacha ann agus grinnstaidéar déanta orthu, mar a deir Ahlqvist, ach is mó an tsuim a bhí aige féin sna paraidími briathartha. (I gcúrsai teangeolaíochta, is téarma í paraidím a thugann rogha airithe duit maidir le húsáid focail.) Sa pháipéar sin thaispeáin sé an chriochnúlacht a bhí ann agus é ag baint feidhm as an iliomad foinsí chun léargas a thabhairt ar ghamadach na teanga.

Bhí sé saíte i gcónai i ngnóthaí léinn, gan ach trácht ar na rudaí is déanaí a rinne sé. Bhí baint aige le comhdháil speisialtachta faoi théacsanna Ceilteacha dlí de chuid ba meánaoiseanna sa bhliain 2012, agus an bhliain dar gcionn d’fhoilsigh sé *Grammatical Tables for Old Irish*. Bhí sé os cionn an Ochtú Comhdháil Astrálach um Léann Ceilteach sa bhliain 2013, agus sin gan trácht ar chruinnithe agus ar thráchtas a bhí le scrúdú. Chuidigh sé le ceithre leabhar den *Sydney Series in Celtic Studies* agus sé imleabhar den *Australian Celtic Journal* a chur in eagair.

Eisean a scríobh an t-alt i dtaobh litriú na Gaeilge in *Stair na Gaeilge*, cuntas ilghnéitheach teangeolaíoch a chuir Kim McCone *et alii* in eagair. Léiriú é an t-alt úd ar a stíl agus ar chuimsitheacht a chuid eolais.

Má tá saintréith ar leith le sonrú i bhforbairt litriú na Gaeilge, is é seo é gur forbairt mhall leanúnach a bhí i gceist. Mar a fheicfear ar ball tá sé sin le haithint fiú nuair a chuirtear litriú na hOghamchraobh agus gnáthlitriú na Sean-Ghaeilge i gcomparáid le chéile. Is i ré na Sean-Ghaeilge a tosaíodh ag dul i ngleic leis na fadhbanna bunuseachá a bhaineann le litriú na Gaeilge, i.e. na hathruithe tosaigh a thaispeáint agus an bhunlitr a chailliuint, caoile agus leithne na gconsan a chur in iúl go soiléir agus comhartha oiriúnach a aimsiú don fhoghar /ə/.

Bhí post neamhchoitianta aige in Éirinn – é ina Chonsal Oinigh de chuid na Fionlainne. Eisean an té a chuideodh leat agus do phas caillte agat.

Ba mhaith leis riamh dul amach ag seoltóireacht, cé gurbh fhusa é sin a dhéanamh san Fhionlainn ná in Éirinn. A iomramh déanta anois aige.



Ganntanas múinteoirí teanga in Éirinn

Más Gaeilgeoir thú i dtí nach Éire í, is dócha go bhfuil suim éigin agat i múineadh na Gaeilge in Éirinn, thír arb í foinse na teanga í. Múscláonn na gaelscoileanna dóchas; milleana na scoileanna lán-Bhéarla é. (Tá an Ghaeltacht féin, mar limistéar teanga, ag dul ó mhaith ar chúiseanna difriúla nach gá a phlé anseo.) Ní féidir múineadh gan mhúinteoirí agus tá a leithéidí gann maidir le Gaeilge, Fraincis, Gearmáinis agus Spáinnis (gan trácht ar Mhatamaitic, ar Cheimic agus ar Fhisic).

Chun an scéal a réiteach, tá sé fógartha go dtabharfar tosaíocht do na hábhair sin agus daoine ag cur isteach ar chúrsaí iarchéime oliúna múinteoirí. Tá na gaelscoileanna ag tnúth le muinteoirí a bhfuil Gaeilge ar a dtóil acu.

Is iomaí múinteoir nach bhfanann ina phost in Éirinn. Mar a deir Máire Ní Fhinneadha in alt in *Tuairisc.ie*, maíonn na heagraíochtaí múinteoirí gurbh iad na ciorruithe pá agus foirne le linn na déine is cionsiocair le múinteoirí a bheith ag tréigean a ngairme. Tá éileamh ar mhúinteoirí i dtíortha eile, go háirithe sa Bhreatain, agus is iomaí deis atá acu obair a fháil thar lear. Tá roinnt moltaí curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais: deirtear, mar shampa, gur fiú cainteoírí dúchais teangacha iasachta a oliúint mar mhúinteoirí. Ní bheadh sé chomh furasta sin anois teacht ar chainteoírí dúchais Gaeilge a bheadh oiriúnach don obair.

I mbarúil amháin a scríobhadh thíos faoin alt deirtear nach post tarraingteach é do bheith i do mhúinteoir agus doicheall ar a lán daltaí roimh an nGaeilge ag teacht isteach sa mheánscoil dóibh. Deirtear go mbíonn siad ‘ar stailc’ ar feadh sé bliana agus go dteipeann orthu san Ardteist, mura bhfuil díolúine acu. Is deacair déileáil lena leithéidí.

Déarfá go dtosaíonn an doicheall sa bhaile agus nach ndéanann an bhunscoil dada lena mhaolú. Is féidir an doicheall a shárú le teagasc atá ag brath ar an gcaint, ar an sult, ar an mbeogacht, agus gan bacadh leis na leabhair (sna blianta tosaigh ar a laghad). Is léir, áfach, go bhfuil an oiread sin múinteoirí ann a bhfuil ardchumas cainte acu i nGaeilge, agus go mbeadh sé an-deacair a leithéidí a sholáthar do gach bunscoil sa tír, fiú dá mbeadh na coláistí oiliúna in ann i bhfad níos mó acu a chur ar fáil. Mura ndéantar é, áfach, níl an rath i ndán don Ghaeilge éigeantach. Tá spléachadh ar aigne na ndaltaí is óige le fáil san fhíséan seo:

<https://grintageireland.com/videos/the-school-kids-thoughts-on-the-irish-language/>

◆◆◆◆◆◆◆

Meit agus Maenmar

Meitiolamfataimín: druga a spreagann an córas lárnach néarógach agus ar féidir é a úsáid mar leigheas ar ab murtall agus ar an iompar mire. Ach den chuid is mó is druga áineasa nó suilt é agus ‘oighear’ mar leasainm air. Is féidir le beagán de an t-airdeall a ghéarú agus sonas a mhéadú; tig le cuid mhór de taom a spreagadh, dochar a dhéanamh don chorp agus mearú súl nó fearg a mhúscailt. Is minic a dhéantar agus a dhíoltar in aghaidh an dlí é, agus tá coirpigh ag déanamh carn airgid dá bharr.

Maítéar gur mó an phlá an t-oighear san Astráil. Fiú má shíltéar go bhfuil blas áibhéalach ar an gcaint sin, is beag duine a shéanfadhbh nach bhfuil dochar á dhéanamh aige. Ach dá dhícheallaí iad na húdaráis agus iad ag iarraidh úsáid an druga a bhacadh, is léir nach mór an rath atá ar an obair.



Meitiolamfataimín mar chriostail ghlana.

Wikimedia Commons

Is beag duine againn a chuimhneodh ar Mhaenmar (Burma) mar cheann de na tíortha is mó a sholáthraíonn meitiolamfataimín. (Rud eile de, soláthraíonn Maenmar níos mó codlaidín ná aon tir eile, ach amháin an Afganastáin.)

I Maenmar déantar *yaba*, piollaí beaga dearga ar meascán de mheitiolamfataimín agus de chaiféin iad. Is furasta iad a dhéanamh: níl ag teastáil chuige ach cistin bheag agus cúpla ceimiceach, agus ní deacair do na déantúsóirí é a thabhairt do na boinn más gá. Ní i Maenmar a dhéantar na ceimicigh ach san India agus sa tSín, tíortha a bhfuil Maenmar suite eatartha. I bhfoirm chriostail a thagann an ‘meit’ isteach san Astráil agus é á iompar i mbearta, ag cúiréirí in eitleáin agus mar lasta tráchtála. Tagann an chuid is mó de ó oirdheisceart na hÁise agus go háiritheanois ó Mhaenmar.

Tá baint ag na Rohingya leis an scéal, an chuid acu a díbríodh as Maenmar go dtí an Bhaingleidéis agus gan cead oibre acu sa tir úd. Baineann lucht drugaí buntáiste as cuid acu mar ionpróirí drugaí, agus tá

páistí féin páirteach sa ghnó. Ní rud nua é gnó na ndrugaí i Stát na Racáine i Maenmar, áit dhúchais na Rohingya, ach tá sé dulta in olcas de bharr an achrainn. Tá achrann eile ar siúl i stáit an tuaiscirt, áit a bhfuil na Shan agus na Kachin ag dul i ngleic leis an arm le tamall maith de bhlianta. Téann saol suaite ar sochar chun lucht drugaí, agus i réigiún féinrialaitheach Wa is furasta ceimicigh a thabhairt anall ón tSín.

Mar a thuairiscigh an ABC le déanaí, is mó a thuigeann pobal Mhaenmaranois gur fadhb shláinte ceist na ndrugaí agus nach fadhb choiriúlachta ar fad í. Ach tá údaráis Mhaenmar ag cur andúilithe i bpríosún in áit dul sa tóir ar na boic mhora. Ní fháiltíonn a muintir roimh na handúilithe ag teacht amach dóibh; fanann smál orthu. Ach ní thagann laghdú ar úsáid na ndrugaí.

Níl sa mheitiolamfataimín, mar dhruga nó mar mheafar, ach an dochar is déanaí. Tiocfaidh a leithéid eile. Bíonn ceimiceoirí cliste i mbun oibre agus ní i gcúrsaí cógaisíochta é.

Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.